

# Seirbhís Urnaí Deireadh Bliana do Rang a 6

## Fáiltiú agus Iomann Iontrála: (bhur rogha féin)

## Mórshiúl leis na siombail



Táimid mar chuid de phobal na scoile seo le hocht mbliana. Thugamar linn na buanna agus na tallanna a fuair muid ó Dhia. Chabhraigh ár múinteoirí agus ár dtuismitheoirí na buanna a fuair muid ón Spiorad Naomh a aimsiú agus a cheiliúradh. Léiríonn na siombail seo na buanna agus na bronntanais atá aimsithe againn ionainn féin agus na bealaí a d'fhoghlaim muid conas iad a úsáid ar mhaithe linn féin agus le daoine eile.

- Léiríonn na griangrafanna ranga bronntanas an chairdis
- Cuireann na griangrafanna dár dteaghlaigh i gcuimhne dúinn gur sa bhaile a thosaigh ár gcuid oideachais.
- Léiríonn na leabhair scoile an méid atá foghlamtha againn ar fad.
- Léiríonn an liathróid peile, camán agus an liathróid cispheile bronntanas an spóirt agus an có-oibriú a bhíonn ar siúl le linn cluichí foirne.
- Léiríonn an leabhar Reiligiúin agus an Chros Chéasta (*nó pictiúr de naomh phatrún na scoile*) bronntanas an Chreidimh a roinneamar sa scoil Chaitliceach seo.
- Léiríonn na bláthanna an chaoi a dtugann pobal na scoile aire don domhan ina maireann muid agus an meas a léiríonn muid ar áilleacht an nádúir.
- Léiríonn na bróga an chéad chéim eile a thógfaimid ar bhóthar an tsaoil.

## Paidir Iontrála

A Thiarna, tagaimid os do chomhair, mar bhaill de phobal na scoile, gné tábhachtach de phobal Pharóiste ____________, le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcéim dheireanach den chuid seo ar thuras an tsaoil agus ar na scoláirí a bheidh ag fágáil na scoile ag deireadh Rang a 6.

Tagann ár mbronntanais ar fad ó Dhia agus anois déanaimid ceiliúradh ar na bronntanais sin a d'aimsigh muid tríd an oideachas. Déanaimid ár nguí trí Chríost, ár dTiarna. Áiméan

## An Chéad Léacht – Irimia 31:3-4; 29:11-14

Seo mar a deir an Tiarna: ghráigh mé thú le grá síoraí, ar an ábhar sin is buan mo chion ort. Tógfaidh mé thú an athuair agus atógfar thú. Mar sin ar aghaidh leat agus bí meidhreach sa rince le do chuid tiompán. Tá pleananna agam i mo chroí daoibh: pleananna don síocháin agus

ní don olc, pleananna chun todhchaí lán le dóchas a thabhairt daoibh. Agus smaoinigh, nuair a ghlaoifidh sibh ormsa, agus nuair a thiocfaidh sibh chun impí ormsa, éistfidh mé libh. Nuair a chuardóidh sibh mé gheobhaidh sibh mé: nuair a chuardóidh sibh mé le bhur gcroí go hiomlán, beidh mise ar fáil agaibh, is é an Tiarna a labhraíonn.
***Briathar an Tiarna***
***Gach duine: Buíochas le Dia*.**

## *Salm (Bhur rogha féin)*

## *An Dara Léacht: Sliocht as litir N. Pól ag na Filipigh*

Gach uair a bhím ag guí, déanaim guí oraibh uile go lúcháireach, mar gheall ar an bpáirt a bhí agaibh sa dea-scéal ón gcéad lá riamh go dtí inniu. Agus táim cinnte den mhéid seo: an té a thosaigh an dea-obair in bhur measc go leanfaidh sé á chur i gcrích go dtí lá Íosa Críost. Is é mo ghuí go rachaidh bhur ngrá dá chéile i méid agus i méid le barr eolais agus tuisceana sa tslí go mba rogha libh na nithe is fearr agus go mbeidh sibh glan gan locht i gcomhair lá Chríost agus go mbeidh sibh lán de thorthaí na fíreanachta sin a thagann trí Íosa Críost, chun moladh agus glóire Dé.
***Briathar an Tiarna***
***Gach duine: Buíochas le Dia*.**

## *Alleluia: (bhur rogha féin)*

## *Soiscéal Eoin 15:9-17*

**Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Eoin**
***Gach Duine: Glóir duit, a Thiarna***
Faoi mar a thug an tAthair grá domsa, thug mise grá daoibhse chomh maith. Fanaigí i mo ghrá. Má choinníonn sibh m'aitheanta fanfaidh sibh i mo ghrá, faoi mar a choinnigh mise aitheanta m'Athar agus a fhanaim ina ghrá. Dúirt mé na nithe seo libh chun go mbeadh mo lúcháir-se ionaibh agus go mbeadh bhur lúcháir-se iomlán. Is í seo m'aithne: sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh. Níl grá ag aon duine níos mó ná seo go dtabharfaidh duine a anam ar son a chairde. Sibhse mo chairde, má dhéanann sibh na nithe a ordaím daoibh, ní seirbhísigh a thugaim oraibh feasta mar ní eol do sheirbhísheach gnó a mháistir. Ach thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m'Athair, chuir mé in iúl daoibh é. Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh agus a cheapadh chun go n-imeoidh sibh agus toradh a thabhairt agus go mairfeadh bhur dtoradh: I dtreo, cibé ní a d'iarrfadh sibh ar an Athair i m'ainm, go dtabharfadh sé daoibh é. Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile.
***Soiscéal an Tiarna***
***Gach Duine: Moladh duit, a Chríost*.**

## *Beannacht do na daoine óga atá ag fágáil na Bunscoile.*

(*Tabhair cuireadh do na daoine óga seasamh ina n-áiteanna*)
Tugaimid buíochas do Dhia as sibh a bheith mar chuid dár bpobal scoile agus na suáilcí ar fad a roinn sibh linn.
Iarraimid:

Go mbeidh meas i gcónaí agaibh ar bhur dtallanna agus bhur mbuanna agus go mbainfidh sibh úsáid astu ar mhaithe libh féin agus ar mhaithe leo siúd a chasfar oraibh ar bhur slí.
Go mbeidh a fhios agaibh i gcónaí go bhfuil grá thar cuimse ag Dia daoibh agus go bhfuil plean iontach leagtha amach aige daoibh.
Go mbeidh meas i gcónaí agaibh ar bhronntanas an chreidimh agus go dtiocfaidh fás agus borradh ar bhur gcairdeas le hÍosa.
Go gcuire Dia a bheannacht oraibh agus sibh ag tabhairt faoin gcéad chéim eile i bhur saol.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach Duine : Áiméan.**

## Beannacht do na tuismitheoirí agus na caomhnóirí

(*Tabhair cuireadh do na tuismitheoirí agus caomhnóirí seasamh ina n-áiteanna*)
Glacaimid buíochas le Dia as na mbronntanais a roinn sibh le bhur bpáistí agus leis an bpobal scoile. Go dtuga Dia cúnamh daoibh bhur bpáistí a threorú tríd an saol.
Iarraimid:
Go mbeidh a fhios agaibh go bhfuil Dia lárnach gach lá agus sibh ag tógáil bhur bpáistí.
Go bhfaighfidh sibh an neart agus an mhisneach cabhrú le bhur bpáistí a dtallanna agus a mbuanna a fhorbairt agus a roinnt.
Go gcuire Dia a bheannacht oraibh i ngach a ndéanann sibh.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna
**Gach duine:  Áiméan.**

## Roghnach:  Bronnadh na dTeastas

*Tugaimid cuireadh anois do na daoine óga teacht chun cinn agus a gcuid teastais a bhailiú, chun a dtréimhse foghlama sa bhunscoil a cheiliúradh agus a chomóradh. (Bronnadh na dteastas)*



## Ráiteas na ndaoine óga (Seas agus do theastas í do lámh.)

Glacaim leis an Teastas Céimithe seo sa bhliain ina ndéanaimid comóradh ar leathchéad bliain den Chomhdháil Eocairisteach, mar chomhartha go bhfuil deireadh tagtha le mo chuid Oideachais Bunscoile. Fágfaidh mé Scoil (*ainm na scoile*) lán le féinmhuinín agus creideamh agam go mbainfidh mé amach na haislingí atá agam. Geallaim daoibhse, mo thuismitheoirí/caomhnóirí, mo mhúinteoirí agus pobal Pharóiste *(ainm an pharóiste*) go ndéanfaidh mé mo dhícheall i gcónaí mo shaol a chaitheamh chomh maith is atá mé in ann de réir na luachanna atá foghlamtha agam sa bhaile agus ar scoil. Geallaim é seo daoibh i láthair Dé.

## Idirghuionna (á léamh ag páistí agus tuismitheoirí)

1. Guímid ar son ár dtuismitheoirí agus ár gcaomhnóirí, go mbeidh muinín acu i gcónaí as a mbuanna agus a dtallanna féin.

   ***A Thiarna, éist linn***.
2. Guímid ar son ár bpáistí, go mbeidh siad in ann an teachtaireacht dóchais a thug Dia dúinn a roinnt agus a saol a chaitheamh dá réir, cibé ait a mbíonn siad.

   ***A Thiarna, éist linn***
3. Guímid ar son ár múinteoirí, go leanfaidh siad i gcónaí dea-shampla Íosa an Múinteoir.

***A Thiarna, éist linn***

4. Guímid ar a son ár ngaolta agus ár gcairde ar fad atá tinn, go dtuga Dia biseach dóibh

   ***A Thiarna, éist linn***

5. Guímid chuig Muire, ár Máthair sna Flaithis agus iarraimid uirthi go dtabharfaidh a Mac, Íosa síocháin inár gcroíthe.

   ***A Thiarna, éist linn***

6. Guímid ar son ár ngaolta agus ár gcairde atá imithe ar shlí na fírinne, go mbeidh leaba i measc na naomh acu i ríocht Dé.

   ***A Thiarna, éist linn***

7. Guímid go ciúin anois agus cuirfimid ár gcuid achainní os comhair Dé.

   ***A Thiarna, éist linn***

Cuirfimid paidreacha an domhain ar fad os comhair Dé le focail an Ár nAthair.

**Ár nAthair.......**

## Paidír Scoír

Go gcumhdaí Dia, ár nAthair muid,
Go gcoinni Íosa ár múineadh agus
An Spiorad Naomh ár dtreorú go grámhar
Chun an saol a thug Dia dúinn a chaitheamh, mar a d'iarr sé orainn a dhéanamh.
**Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.**
**Gach Duine: Áiméan.**